# RÁITEAS
# SÁBHÁILTEACHTA (2024)

Gaelscoil
Thaobh na Coille

Beatha teanga í a labhairt

**De réir na gceanglas a leagtar síos fúthu seo a leanas:**

- **An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005)**
- **Na Rialacháin Feidhmiúcháin Ghinearálta (2007 – 2023)**
- **Na Treoirlínte maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas a Bhainistiú i mBunscoileanna (2018)**
- **An Prótacal um Obair Shábháilte le haghaidh Fostóirí agus Oibrithe (2022)**

| **Cuireadh i dtoll a chéile den chéad uair é i** |
| --- |
| Lúnasa 2024 |
| |


Arna thiomsú ag
NASCON
Comhairleoirí Náisiúnta Sábháilteachta
(01) 843 4764 nó (086) 261 2618

**CLÁR NA nÁBHAR**


| CUID | | LEATHANACH |
|---|---|---|
| **1.0** | **Ráiteas Ginearálta Beartais** | 5 |
| **2.0** | **Róil agus Freagrachtaí** | 6 |
| **2.1** | Na Freagrachtaí atá ar Lucht Bainistíochta na Scoile | 6 |
| **2.2** | Na Freagrachtaí atá ar na Fostaithe | 9 |
| **3.0** | **Comhoibriú ar mhaithe le Sábháilteacht** | 10 |
| **3.1** | Baill Foirne | 10 |
| **3.2** | Conraitheoirí | 10 |
| **3.3** | An Taifead um Rialú Conraitheoirí | 11 |
| **4.0** | **Comhairliúchán agus Faisnéis** | 12 |
| **4.1** | Ionadaithe Sábháilteachta | 12 |
| **4.2** | Faisnéis Sábháilteachta | 12 |
| **4.3** | An Ráiteas Sábháilteachta a Bheith ar Fáil | 12 |
| **5.0** | **Acmhainní agus Beartais Sábháilteachta** | 13 |
| **5.1** | Daoine | 13 |
| **5.2** | Acmhainní Cothabhála | 13 |
| **5.3** | Beartas Oiliúna i leith na Sábháilteachta | 13 |
| **5.4** | Acmhainní Sábháilteachta Eile | 13 |
| **5.5** | Beartas maidir le Bulaíocht/Ciapadh | 14 |
| **5.6** | Beartas maidir le Fostaithe atá ag Iompar Clainne | 16 |
| **5.7** | Beartas maidir le Strus | 17 |
| **5.8** | Beartas maidir le Timpistí/Tarlúintí a Thuairisciú agus a Imscrúdú | 18 |
| **5.9** | Beartas maidir le Gnásanna Éigeandála | 19 |
| **5.10** | Beartas maidir le Daoine a Bheith ag Obair ina nAonar | 20 |
| **5.11** | Beartas maidir le Rialú COVID | 21 |
| **6.0** | **Measúnuithe Riosca** | 22 |
| **6.1** | Modheolaíocht maidir le Measúnú Riosca | 23 |
| **6.2** | Guaiseacha Sonracha a Shainaithint, Measúnú Riosca agus Bearta Rialaithe Riosca | 26 |
| **6.3** | Taifead ar Bhearta Rialaithe Riosca | 53 |
| **7.0** | **Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta** | 54 |
| **8.0** | **Síniú na bhFostaithe** | 56 |
| **9.0** | **Aguisíní** | Doiciméad ar Leithligh |

Is é is aidhm leis an tuarascáil seo cuidiú an baol a laghdú go dtarlóidh timpistí agus cásanna drochshláinte trí ghuaiseacha aitheanta (measúnú riosca san áireamh) a chur faoi bhráid Ghaelscoil Thaobh na Coille.

Faoi réir shrianta ama agus acmhainní, rinneadh gach iarracht guaiseacha a aithint agus réitigh a mholadh. Níl sé le tuiscint go raibh gach guais eile faoi smacht tráth na cigireachta.

Is tuarascáil chomhairleach í agus ní mór do lucht bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille na cinntí rialaithe deiridh a ghlacadh maidir le rioscaí.

Tá taifead thíos ar leasuithe agus athbhreithnithe ar an doiciméad:


| Stádas Eisiúna | Dáta | Leasú/Athbhreithniú |
|---|---|---|
| Bunú an Ráitis Sábháilteachta | Lúnasa 2024 | Bunchóip |
| Uasdátú ar an Ráiteas Sábháilteachta | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| | | |
| **An Chéad Uasdátú Eile le Déanamh** | **Lúnasa 2025** | |

**Ionas go gcomhlíonfar caighdeáin rialaithe cáilíochta agus caighdeáin dlí, ní fhéadfar an doiciméad seo a athrú ná a mhacasamhlú gan údarú Nascon agus Ghaelscoil Thaobh na Coille.**

**Is do Ghaelscoil Thaobh na Coille, agus di sin amháin, atá an Ráiteas Sábháilteachta agus na Measúnuithe Riosca seo, agus níl siad le scaipeadh ar thríú páirtithe gan cead ó Ghaelscoil Thaobh na Coille.**

## Struchtúr Freagrachta i dtaobh Bainistíocht Sábháilteachta i nGaelscoil Thaobh na Coille (2024)

Is mór ag Gaelscoil Thaobh na Coille an tsláinte agus an tsábháilteacht, agus tá gach duine freagrach astu. Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005), leagtar dualgais dhlíthiúla ar gach ball foirne, agus tá lucht bainistíochta na scoile freagrach freisin as sábháilteacht ag an obair a chur chun cinn agus a bhainistiú. Ó thaobh an dlí choitinn agus an dlí reachtúil de araon, léiríonn an chairt thíos an struchtúr freagrachta maidir le bainistíocht sábháilteachta i nGaelscoil Thaobh na Coille.



# Ráiteas Sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille (2024)

**Do gach ball foirne, dalta, cuairteoir agus conraitheoir:**

**1.0 – Ráiteas Ginearálta Beartais**

Leagtar amach sa doiciméad seo Beartas Sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille agus sonraítear ann na modhanna chun an beartas sin a chur i bhfeidhm. Is é ár gcuspóir é iarracht a dhéanamh timpeallacht oibre atá sábháilte, sláintiúil a sholáthar agus a bhainistiú dár mbaill foirne go léir agus ár ndualgais a chomhlíonadh, chomh fada agus is indéanta le réasún, do dhaltaí, do chonraitheoirí agus do bhaill an phobail a bhféadfadh ár n-oibríochtaí laethúla dul i bhfeidhm orthu.

Déanfaidh lucht bainistíochta na scoile a ndícheall na cuspóirí sin a chomhlíonadh trí oiliúint sábháilteachta imleor a chur ar fáil, trí phleanáil chuí éigeandála a bhainistiú, trí chomhairliúchán sábháilteachta a éascú, agus trí chórais shábháilte oibre agus baill foirne (inniúla) atá feasach ar shábháilteacht a sholáthar.

Is coinníoll fostaíochta é an obair a dhéanamh ar bhealach sábháilte agus caithfidh gach ball foirne i nGaelscoil Thaobh na Coille freagracht a ghlacadh as sin. Ní mór do gach duine cloí leis an mbeartas seo ionas go n-éireoidh leis. Tá sé tábhachtach mar sin go léifeá an doiciméad go cúramach agus go dtuigfeá do ról féin agus na socruithe foriomlána maidir le sláinte agus sábháilteacht i nGaelscoil Thaobh na Coille.

Tá sé ar intinn againn athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta seo i bhfianaise na taithí agus i bhfianaise an mhéid a tharlóidh i nGaelscoil Thaobh na Coille. Moltar don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara eile aon mholtaí a dhéanamh maidir le feabhas leanúnach a chur ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta atá doiciméadaithe sa Ráiteas Sábháilteachta seo.

**Síniú** Máire Mac Gabhann ____________________ **Dáta 2024** **11/11/2024**

**Máire Mac Gabhann**
**Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**
**Gaelscoil Thaobh na Coille**

## 2.0 – Róil agus Freagrachtaí i dtaobh na Sábháilteachta de

Le heagrú na gcleachtas oibre i nGaelscoil Thaobh na Coille, féachtar lena chinntiú go bhfuil na cúinsí is fearr ann chun sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a chosaint. Déantar na dearbhuithe seo a leanas maidir le sláinte agus sábháilteacht, de réir na gceanglas agus na moltaí a leagtar síos san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005). Thairis sin, tá na dearbhuithe seo ag teacht leis na treoirlínte atá sonraithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

### 2.1 – Freagrachtaí i dtaobh na Sláinte agus Sábháilteachta de

Tosaíonn freagrachtaí sláinte agus sábháilteachta ar leibhéal an lucht ardbhanistíochta agus tá gach leibhéal freagrach as an leibhéal thíos faoi. Gabhann na freagrachtaí seo a leanas le struchtúr bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille, ach ar deireadh thiar is ar an mBord Bainistíochta atá an fhreagracht fhoriomlán as beartas éifeachtach a bhunú agus a choinneáil ar bun maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.

**Máire Mac Gabhann agus an Bord Bainistíochta**

Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas:

- Féachfaidh sé lena chinntiú go bhfuil dóthain airgid agus tacaíochtaí ar fáil le gur féidir an córas bainistíochta sábháilteachta a bhfuil trácht air sa Ráiteas Sábháilteachta seo a chur i bhfeidhm go réasúnta.
- Féachfaidh sé le hionad sábháilte oibre agus córais shábháilte oibre a chur ar fáil.
- Is ábhar díreach spéise dá chuid a bheidh sa bheartas sláinte agus sábháilteachta agus tabharfaidh sé tacaíocht d'aon duine a bhfuil cur i bhfeidhm an bheartais ina chúram air nó uirthi.
- Déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta i nGaelscoil Thaobh na Coille.
- Beidh ceisteanna sláinte agus sábháilteachta ar chlár cruinnithe an Bhoird aige.
- Tabharfaidh sé tús áite do bhearta a bhaineann le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta nuair a bhíonn acmhainní ag teastáil.
- Féachfaidh sé chuige go ndéanfar bearta cuí maidir le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta.
- Daingneoidh sé an Ráiteas Sábháilteachta seo le síniú an Chathaoirligh.

**An Príomhoide – Emer Nic Chonchradha**

Is iad seo a leanas na gnáthchúraimí sábháilteachta atá ar an bPríomhoide:

- Tiomantas don tsábháilteacht a léiriú trí bhearta gníomhacha a ghlacadh le bheith feasach ar thaifead sábháilteachta na scoile agus aon treoracha réasúnta is gá a

eisiúint ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus leas gach baill foirne, gach dalta, agus gach duine eile.

- Breithmheas thréimhsiúil a dhéanamh ar éifeachtacht an Ráitis Sábháilteachta.
- A chinntiú go sanntar freagracht go cuí, go dtuigtear í agus go nglactar léi ar gach leibhéal.
- Comhairle agus cúnamh a fháil nuair is gá agus gníomh a dhéanamh maidir le haon ábhar bailí sláinte agus sábháilteachta a ndíreoidh baill foirne aird air.
- A chinntiú go mbeidh na baill foirne go léir cuntasach as a bhfeidhmíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde.
- A léiriú, trí iompar an Phríomhoide féin, nach bhfuil inghlactha ach na caighdeáin sábháilteachta is airde.
- A chinntiú go bhfuil measúnuithe riosca cothrom le dáta déanta i leith na scoile.

**An Leas-Phríomhoide – Niamh Ní Dhúill**
Is iad seo a leanas na gnáthfhreagrachtaí sábháilteachta atá ar an Leas-Phríomhoide:

- An-chur amach a bheith ag an té sin ar Ráiteas Sábháilteachta na scoile agus féachaint chuige go ndírítear aird gach baill foirne air de réir mar is gá.
- A chinntiú go ndéanfar imscrúduithe críochnúla ar gach timpiste agus tarlúint a thuairiscítear agus go líonfar isteach Foirm Tuairiscithe Timpiste tar éis aon timpiste/tarlúna.
- Breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí ó bhaill foirne maidir le sláinte agus sábháilteacht.
- Cur chuige ina leagtar béim ar fheasacht ar ghuaiseacha a chothú maidir le bainistíocht leanúnach ar shláinte agus sábháilteachta sa scoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisc ar tharlúint/ar thimpiste in éineacht leis an gComhordaitheoir Sábháilteachta agus/nó leis an bPríomhoide.

**An Comhordaitheoir Sábháilteachta – Maoilíosa Ó Dubhthaigh**

Tá feidhm ag ról an Chomhordaitheora Sábháilteachta ó thaobh **sláinte agus sábháilteacht a chomhordú** ar fud limistéar áitreabh Ghaelscoil Thaobh na Coille. Is iondúil go gcuimsítear sa ról:

- An clár beartais sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus de réir na moltaí a leagtar amach sa Ráiteas Sábháilteachta seo.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuid den Ráiteas Sábháilteachta seo a bhaineann le guaiseacha a aithint/measúnú a dhéanamh ar rioscaí (Cuid 6.2) agus gníomhú de réir na moltaí a luaitear ansin.

- A bheith seasta ar an airdeall maidir le guaiseacha a aithint.

- Próiseas comhairliúcháin a bhunú le daoine den fhoireann.

- Déileáil go díreach leis an ionadaí sábháilteachta agus beart a dhéanamh maidir le haon aighneacht, nuair is indéanta le réasún.

- Athbhreithniú tréimhsiúil a eagrú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus ar mheasúnuithe riosca i leith na scoile.

- A chinntiú go bhfuil oiliúint sábháilteachta, treoir agus eolas cuí ag gach ball foirne maidir leis an obair a dhéanann sé nó sí.

- A chinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi na bearta atá le déanamh i gcás éigeandála agus go bhfuil trealamh comhraicthe dóiteáin ar fáil, agus go bhfuil cothabháil chuí á déanamh air.

- Faire ar chaighdeáin bainistí agus a chinntiú nach bhfuil aon bhac ar na bealaí éalaithe dóiteáin ná na hionaid dóiteáin.

- Faisnéis a bhailiú maidir le haon substaintí guaiseacha, ábhair ghuaiseacha nó trealamh guaiseach atá in úsáid sa scoil.

**Poist Freagrachta (Príomhoidí Cúnta 1 agus 2)**
Is iad na príomhfheidhmeanna atá acu:

- Cabhrú le bainistíocht laethúil a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht de réir an Ráitis Sábháilteachta seo.

- Cabhrú le gnásanna sláinte agus sábháilteachta na rannóg éagsúil a dhréachtú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

- Cabhrú le cigireachtaí sláinte agus sábháilteachta ar a rannóg/réimse féin agus tuairiscí a chur chuig an bPríomhoide/Comhordaitheoir Sábháilteachta ar aon fhadhbanna sláinte agus sábháilteachta a aithnítear.

- Faisnéis sláinte agus sábháilteachta a fuarthas a chur ar aghaidh chuig na daoine ábhartha a bhfuil cúram orthu ina leith.

- A chinntiú go dtuairiscítear gach timpiste don Phríomhoide/Comhordaitheoir Sábháilteachta.

**2.2 – Freagrachtaí atá ar na Baill Foirne**

Tá freagracht ar na baill foirne freisin as sláinte agus sábháilteacht a chinntiú ag an obair. Faoi alt 13 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, leagtar roinnt oibleagáidí ar bhaill foirne agus iad ag an obair –

- Cúram réasúnach a ghlacadh maidir lena sábháilteacht agus a sláinte féin, agus le sábháilteacht agus sláinte aon bhaill foirne eile ar a bhfearfadh a ngníomhartha nó a neamhghníomhartha.

- Comhoibriú le lucht bainistíochta na scoile maidir le dualgais reachtúla ó thaobh na sábháilteachta de.

- Úsáid a bhaint as aon fhearas oiriúnach, éadaí cosanta, trealamh sábháilteachta nó aon rud eile a sholáthraítear ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas.

- Tuairisc a thabhairt gan mhoill don lucht bainistíochta ar aon fhabhtanna a dtagann siad ar an eolas fúthu sa trealamh oibre, san ionad oibre, nó sa chóras oibre, a d'fhéadfadh sláinte agus sábháilteacht a chur i mbaol.

- Gan cur isteach d'aon ghnó nó go meargánta ar aon bheart sábháilteachta a chuirtear ar fáil. D'fhéadfadh beart araíonachta a bheith ina thoradh ar ghníomh den sórt sin.

- A bheith eolach ar aon ghnásanna sábháilteachta a cheanglaítear a chur i bhfeidhm agus ar aon bhealaí oibre sábháilte.

- Comhoibriú le haon oiliúint sábháilteachta a chuirtear ar fáil agus an oiliúint sin a chur san áireamh.

- Gan a bheith faoi bhrí meiscigh agus iad ag an obair (lena n-áirítear drugaí mídhleathacha, alcól, agus drugaí ar oideas arb eol fo-iarsmaí meisceacha a bheith acu).

Chomh maith leis sin, ceanglaíonn Gaelscoil Thaobh na Coille ar gach ball foirne tuairisc a thabhairt láithreach don Chomhordaitheoir Sábháilteachta **(Maoilíosa Ó Dubhthaigh)** ar aon tarlúint as a dtagann caillteanas (damáiste do threalamh/maoin, mar shampla) nó gortú agus aon chor contúirteach a bhféadfadh caillteanas nó gortú a bheith ina thoradh air.

Ceanglaítear freisin ar an bhfoireann a bheith feasach ar na rioscaí (agus rioscaí nua san áireamh) ina ngarthimpeallacht oibre de réir **na dTreoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna (2018).**

## 3.0 – Comhoibriú ar mhaithe le Sábháilteacht

### 3.1 – Baill Foirne

I dteannta na n-oibleagáidí thuasluaite, ceanglaítear ar bhaill foirne comhoibriú leis an imscrúdú a dhéanfaidh an duine freagrach, an t-ionadaí sábháilteachta nó an cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar thimpiste. Tá go leor ama agus acmhainní caite ag Gaelscoil Thaobh na Coille ag ullmhú agus ag cur i bhfeidhm clár beartais sábháilteachta atá dírithe ar leas na mball foirne a chosaint.

Ní éireoidh leis an gclár mura gcomhoibríonn na baill foirne go léir go hiomlán leis an iarracht trína n-oibleagáidí dlíthiúla sábháilteachta a chomhlíonadh agus trí chleachtais shábháilte oibre a leanúint. Bítear ag súil leis go léifidh na baill foirne an fhaisnéis agus na moltaí a leagtar amach sa Ráiteas Sábháilteachta seo, go dtuigfidh siad í agus go mbeidh siad ag obair dá réir.

Cuirfear doiciméad sábháilteachta athbhreithnithe ar fáil go tréimhsiúil agus beidh fáil ag gach duine air de réir mar is cuí. Sa chás sin, beidh ar gach ball foirne cloí le haon cheanglais nua sábháilteachta mar a shonraítear ann.

Bítear ag súil leis go gcuirfidh gach ball foirne eolas ar Ráiteas Sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille. Mura gcomhlíonfaidh ball foirne ceanglais an Ráitis Sábháilteachta seo, d'fhéadfadh beart araíonachta a bheith i gceist de réir an Ordaithe um an Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht) (Dearbhú), 2000.

### 3.2 – Rialú Conraitheoirí

Féadfar cóip den Ráiteas Sábháilteachta seo a chur ar fáil do chonraitheoirí sula sínítear conradh. Beidh orthu an chuid den doiciméad maidir le rialú conraitheoirí a shíniú (féach Cuid 3.3 ar an gcéad leathanach eile) lena léiriú go dtuigeann siad an oibleagáid atá orthu gan bheith faillíoch agus iad ag obair ar ár n-áitreabh. Tá sé intuigthe sa choinníoll sin go gcloífidh an conraitheoir, ina ghníomhaíochtaí oibre, le caighdeáin agus rialacháin aitheanta a bhaineann lena chleachtais oibre.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar chonraitheoirí a Ráiteas Sábháilteachta féin (agus Ráiteas Modha i gcás gníomhaíochtaí ardriosca) a chur isteach ag an gcéim réamhchonartha lena scrúdú. Déanfaidh 'duine freagrach' ainmnithe Ghaelscoil Thaobh na Coille athbhreithniú air. Mura bhfuil sé ag teacht le cleachtais shábháilte oibre (is infheidhme don obair chonartha atá beartaithe), is féidir le Gaelscoil Thaobh na Coille treoir a thabhairt don chonraitheoir an Ráiteas Sábháilteachta a leasú sula gcuirfear tús le haon obair faoin gconradh.

Ba cheart do chonraitheoirí freagracht a ghlacadh as sláinte agus sábháilteacht a bhaineann lena gcleachtais agus a ngnásanna oibre agus déanfar an méid sin a chuimsiú i gconradh sínithe sula gcuirfear tús le haon oibreacha móra.

**3.3 – An Taifead um Rialú Conraitheoirí**

Tá sé de dhualgas ar chonraitheoirí atá ag obair inár n-áitreabh a gcuid dualgas a chomhlíonadh de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus, dá réir sin, freagracht a ghlacadh as gan bheith faillíoch agus iad ag obair in áitreabh Ghaelscoil Thaobh na Coille. D'fhéadfaimis cóip de Ráiteas Sábháilteachta na gConraitheoirí agus de Ráiteas Modha a iarraidh freisin i leith aon obair atá le déanamh:

| Ainm an Chonraitheora | An cineál oibre | Síniú |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## 4.0 – Comhairliúchán agus Faisnéis Sábháilteachta

### 4.1 – Ionadaithe Sábháilteachta

Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá sé de cheart ag baill foirne Ghaelscoil Thaobh na Coille ionadaí sábháilteachta a thoghadh (níl sé éigeantach, áfach, é sin a dhéanamh).

**Níl aon duine i ról an ionadaí sábháilteachta faoi láthair.**

Tá sé de cheart ag Ionadaithe Sábháilteachta:

- Faisnéis ón Ráiteas Sábháilteachta a bheith acu.
- A bheith ar an eolas roimh ré faoi chigireachtaí a dhéanfaidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- A bheith i gcuideachta Cigire de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar chuairteanna (ach ní le linn imscrúdú oifigiúil ar thimpiste).
- Dul i gcomhairle leis an gCigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- Aighneacht a dhéanamh chuig an gComhordaitheoir Sábháilteachta.
- Imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí agus ar chora contúirteacha a tharlaíonn, ar an gcoinníoll nach gcuirtear isteach ar chomhlíonadh oibleagáidí reachtúla an fhostóra.
- Cigireacht a dhéanamh ar an ionad oibre faoi réir comhaontú le lucht bainistíochta na scoile.
- Am saor de réir mar a d'fhéadfadh a bheith réasúnach chun faisnéis agus oiliúint a fháil ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas.

### 4.2 – Faisnéis Sábháilteachta

Taispeántar faisnéis a bhaineann le gnásanna práinnfhreagartha, pleananna aslonnaithe, comharthaí rabhaidh agus fógraí sábháilteachta i gcóip chrua agus scaiptear iad nuair is cuí. Tá faisnéis maidir le haon substaintí, ábhair nó trealamh guaiseach atá in úsáid san ionad oibre ar fáil ón gComhordaitheoir Sábháilteachta.

### 4.3 – An Ráiteas Sábháilteachta a Bheith ar Fáil

Tá an Ráiteas Sábháilteachta seo ar fáil do gach ball foirne. Spreagtar gach ball foirne cloí le cleachtais oibre shábháilte agus tá an dualgas sin orthu faoin dlí. Féadfar Ráiteas Sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille a fháil ón gComhordaitheoir Sábháilteachta nó ón bPríomhoide.

Cuirfear cóip den Ráiteas Sábháilteachta ar fáil don fhoireann. Iarrtar ar na baill foirne a bhfuil an doiciméad léite acu é sin a chur in iúl trína síniú a chur leis an liosta (féach Cuid 8.0).

## 5.0 – Acmhainní agus Beartais Sábháilteachta

### 5.1 – Daoine

Tá a lán ama agus acmhainní caite ag Gaelscoil Thaobh na Coille chun an beartas sláinte agus sábháilteachta atá sa Ráiteas Sábháilteachta seo a chur i bhfeidhm. Is acmhainní breise iad an próiseas um aithint guaise agus measúnú riosca, mar aon leis na straitéisí bainistíochta sábháilteachta a ndírítear aird orthu sna haguisíní a ghabhann leis an Ráiteas Sábháilteachta seo, chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an mbeartas sin. I measc na n-acmhainní eile tá comhairliúchán ar chúrsaí sábháilteachta le baill foirne agus oiliúint gharchabhrach a chur ar bhaill foirne ábhartha, nuair is cuí.

| Daoine atá Oilte i dtaobh Garchabhrach de |
| --- |
| **Breac síos ainmneacha na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu:**<br>**2024/2025 :** Foireann Iomlán – Tréanáil Foirne 10/09/2024 Teastas 2 bliana faighte |
| **Trealamh Garchabhrach** |
| **Tá soláthairtí garchabhrach ar fáil sa Seomra Foirne/Oifig.**<br>**Tá dífhibrileoir san fhorhalla ar an mbealach isteach.** |

### 5.2 – Acmhainní Cothabhála

An chuid is mó de na hiarrachtaí cothabhála ó thaobh ama, ábhar agus seirbhíse de, tá siad dírithe ar obair, trealamh agus áiseanna a fheabhsú agus cúrsaí sábháilteachta a fheabhsú dá réir. Tá feabhas mór curtha ar chreatlach Ghaelscoil Thaobh na Coille le blianta anuas agus tá sé beartaithe coinneáil leis an dul chun cinn sin.

### 5.3 – Oiliúint Sábháilteachta

Tá oiliúint á cur ar fáil i nGaelscoil Thaobh na Coille ar bhonn leanúnach le cleachtaí dóiteáin agus cleachtaí aslonnaithe, agus réimsí eile a bhaineann le sábháilteacht, rud a dteastaíonn acmhainní airgeadais agus acmhainní díreacha (amhail daoine, ábhair agus trealamh) ina leith. Cuirfidh lucht bainistíochta na scoile acmhainní ar fáil chur freastal ar aon riachtanais oiliúna sábháilteachta leanúnacha.

### 5.4 – Acmhainní Eile Sláinte agus Sábháilteachta

Féadfar guaiseacha a rialú freisin leis an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas de straitéisí bainistithe sábháilteachta;

- Iniúchtaí sábháilteachta
- Aithint guaise agus measúnú riosca
- Imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí agus tarlúintí
- Faireachán a dhéanamh ar chleachtais san ionad oibre
- Comhairliúchán sábháilteachta
- Faisnéise sábháilteachta a chur ar fáil agus comharthaí rabhaidh maidir le guaiseacha a chur in airde
- Trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil
- Na moltaí maidir le rialú riosca atá sa Ráiteas Sábháilteachta seo (Cuid 6.2) a chur i bhfeidhm

**5.5 – Beartas maidir le Bulaíocht agus Ciapadh**
Tá Gaelscoil Thaobh na Coille tiomanta do bheartas faoina gcaithfear go cothrom le gach ball foirne de réir **an Chomhchóid Cleachtais d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe maidir le Bulaíocht san Ionad Oibre a Chosc agus a Réiteach (2021) de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre/an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.**

Is cineál iompair iad ciapadh agus bulaíocht a mhilleann dea-atmaisféar oibre, agus ní ghlacfar leo. Tá sé de cheart ag gach ball foirne a bheith ag obair i dtimpeallacht atá saor ó chiapadh de chineál ar bith is cúis le strus, ó bhulaíocht agus ó iompar bagrach. Má chaitear go dona nó go maslach le ball foirne ar bith, agus má dhéanann sé nó sí gearán trí na bealaí aitheanta, féadfaidh siad a bheith ag súil leis go ndéanfar an gearán a imscrúdú go hiomlán agus go dtiocfar ar an toradh ceart. Má sháraítear an beartas sin, déanfar beart araíonachta de réir an Ordaithe um an Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais um Nósanna Imeachta maidir le Gearáin agus Araíonacht) (Dearbhú), 2000.

Baineann an bhulaíocht agus an ciapadh an bonn de mhuinín agus dínit na ndaoine a mbítear ag piocadh orthu. Thairis sin, milltear an t-atmaisféar oibre nuair a chuirtear suas le bulaíocht nó nuair a ghlactar léi mar ghnáthchleachtas. Is féidir le ciapadh agus bulaíocht tarlú in aon chineál ionaid oibre agus tá sé ina aidhm leis an mbeartas seo baill foirne a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoi na freagrachtaí atá orthu.

**Sainmhíniú ar Chiapadh agus Bulaíocht:**
Tarlaíonn **ciapadh** má mhothaíonn duine ar bith go bhfuil imeagla á chur air nó uirthi nó go bhfuil sé nó sí á náiriú nó go bhfuil díspeagadh á dhéanamh air nó uirthi de bharr ráitis nó gníomhartha dímheasúla, maslacha nó idirdhealaitheacha ó dhaoine eile. D'fhéadfadh ciapadh cur isteach ar fheidhmíocht i bpost, dochar a dhéanamh do shlándáil poist nó atmaisféar oibre bagrach nó míthaitneamhach a chothú.

Is éard is **ciapadh gnéasach** ann ná iompar gnéasach neamh-inmhianaithe a dhéanann ball foirne amháin i leith duine eile. Samplaí de chiapadh gnéasach is ea:

- Jócanna agus cleasa tútacha
- Ráitis gháirsiúla faoin gcuma atá ar dhuine
- Teagmháil coirp gan ghá
- Ábhar maslach gnéasach a bheith ar taispeáint nó á scaipeadh
- Garaíocht ghnéis a iarraidh
- Bagairt i dtaobh foréigean gnéasach
- Bagairt go mbrisfear duine as post nó nach bhfaighfear ardú céime toisc nach nglactar le hiompar gnéasach

Sainmhínítear **bulaíocht** mar aon chineál iompair a dhéantar arís agus arís eile, nach bhfuil fáilte roimhe, agus a d'fhéadfaí a mheas gur iompar maslach é nó iompar a náiríonn daoine nó a chuireann imeagla orthu. Samplaí de bhulaíocht is ea:

- Íde béil agus droch-íde eile
- Béicíl, insint jócanna, cáineadh éagórach, iomarcach, magadh faoi dhuine agus daoine eile i láthair, bréaga a scaipeadh faoi dhuine.
- Dreach nó gothaí atá dímheasúla nó bagrach, suaitheantais mhaslacha a bheith ar taispeáint, eisiamh sóisialta, feadaíl dhímheasúil, srl.
- Mí-úsáid chorpartha.

- Bualadh, teagmháil coirp mhaslach, dorn a chroitheadh ar bhealach bagrach, dochar a dhéanamh d'earraí pearsanta comhghleacaí, srl.
- Úsáid mhíchuí a bhaint as na meáin shóisialta i gcoinne duine eile

**Cibearbhulaíocht agus Ceanglais i dtaobh na Príobháideachta de**
Meastar gur sárú tromchúiseach é ábhar a bhaineann le gníomhaíochtaí Ghaelscoil Thaobh na Coille a scaipeadh, a fhoilsiú nó a dháileadh (ar an idirlíon san áireamh), lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh seo) ábhar a bhaineann le baill foirne agus daltaí a scaipeadh, a fhoilsiú nó a dháileadh sa chaoi is go mbaintear an bonn de dhuine eile, go náirítear duine eile, nó go ndéantar dochar do dhuine eile, agus d'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith ina thoradh air.

**CONAS GEARÁN A DHÉANAMH**
*Gearán Neamhfhoirmiúil:*
Aon bhaill foirne a bhraitheann go bhfuiltear ag piocadh orthu, á gciapadh, nó go bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh ar dtús a chur in iúl go soiléir don té a líomhnaítear atá i mbun bulaíochta nach bhfuil siad ag iarraidh go gcaithfí mar sin leo agus nach bhfuil an t-iompar sin inghlactha. Ba cheart dóibh siúd atá á gciapadh nó a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu taifead a choinneáil ar an gcumarsáid sin agus a bhreacadh síos cén freagra a fuair siad ón té a líomhnaítear atá á gciapadh. Mura bhfuil duine in ann ag dul i ngleic leis an mbulaí, nó má mhothaíonn sé nó sí gur tarlúintí tromchúiseacha atá i gceist, ba cheart tacaíocht nó comhairle a iarraidh ar an lucht bainistíochta. Moltar dóibh siúd atá á chiapadh tacaíocht a lorg a luaithe is féidir agus taifead a choinneáil ar an iompar faoina bhfuiltear ag déanamh gearáin. Sa chás nach n-éiríonn le hiarracht neamhfhoirmiúil an cás a réiteach, moltar don ghearánach leas a bhaint as an ngnás foirmiúil maidir le gearán a dhéanamh.

*Gearán Foirmiúil:*
Más rud é nár éirigh leis an té a líomhnaítear a bhí á chiapadh nó á ciapadh gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil leis an té a líomhnaítear a bhí i mbun ciaptha, ba cheart gearán foirmiúil a dhéanamh i scríbhinn leis an lucht bainistíochta. Nuair a gheofar gearán foirmiúil tabharfar faoi imscrúdú lena gcuimseofar agallaimh ar leithligh leis an ngearánach agus leis an té a líomhnaítear a bhí i mbun ciaptha, agus le haon duine a ainmnítear a chonaic an ciapadh ag tarlú. Tabharfar deis do na páirtithe go léir a gcás a shonrú agus beidh siad i dteideal ionadaíocht a bheith acu ag na hagallaimh imscrúdaithe. Déanfar gach iarracht rúndacht a chosaint le linn an imscrúdaithe. Déanfaidh an t-agallóir agus an lucht bainistíochta an fhianaise a chuirtear i láthair a mheas. Má chinntear go bhfuil bunús leis an ngearán cuirfear beart cuí araíonachta i bhfeidhm i leith an té a rinne ciapadh.

**FREAGRACHT**
Tá freagracht ar gach ball foirne as a chinntiú nach dtarlaíonn ciapadh agus bulaíocht ar leibhéal ar bith ná i rannóg ar bith. Leis sin, airítear feasacht ar an tionchar a bhíonn ag iompar pearsanta a d'fhéadfadh cur isteach ar dhuine eile den fhoireann agus é nó í a chur ag aireachtáil míshuaimhneach nó faoi bhagairt. Tá freagracht ar leith ar an lucht bainistíochta as a chinntiú go gcoimeádtar an t-ionad oibre saor ó gach cineál ciaptha agus bulaíochta ionas gur féidir leis na baill foirne a gcuid oibre a dhéanamh gan an baol a bheith ann go ndéanfaí iad a chiapadh ná imeaglú a dhéanamh orthu. Faoi mar atá amhlaidh i ngach ábhar a bhaineann le smacht, is é an lucht bainistíochta go príomha atá freagrach as caighdeáin chuí a bhunú agus a choinneáil ar bun san ionad oibre. Tabharfaidh an lucht bainistíochta freagra pras ar ghearáin maidir le ciapadh nó bulaíocht agus déileálfaidh siad le gach gearán ar bhealach gasta, tacúil.

Tá freagracht ar na baill foirne go léir freisin as iad féin a chur ar an eolas faoin mbeartas agus faoin ngnás seo agus caitheamh le meas agus dínit lena gcomhghleacaithe.

**Féach freisin an Cód Gnásanna 'Dínit san Áit Oibre' (I.R. Uimh. 208/2012) ina gclúdaítear bulaíocht agus ciapadh.**

**5.6 – Beartas maidir le Ball Foirne atá ag Iompar Clainne**

Cloíonn Gaelscoil Thaobh na Coille leis na dualgais atá uirthi faoi na Rialacháin um Fheidhmiú Ginearálta (Fostaí Torrach) (2007).

Tá feidhm ag na rialacháin sin maidir le baill foirne atá ag iompar clainne, atá díreach tar éis leanbh a bheith acu nó a thugann beathú cíche do leanbh (laistigh den chéad 26 seachtain tar éis don leanbh teacht ar an saol). Má chuirtear aon cheann de na nithe thuas in iúl don lucht bainistíochta, déanfar measúnú ar aon ghníomhaíochtaí guaiseacha a bhaineann leis an mball foirne.

**Ní mór breithniú a dhéanamh ar na guaiseacha seo a leanas:**

- Suaitheadh coirp, agus buille díreach sa bholg san áireamh.
- Ualach a láimhsiú.
- Gluaiseacht thobann, dianghluaiseacht nó staidiúir an-tuirsiúil.
- Radaíocht neamhianúcháin.
- Ceimiceáin: Go háirithe aon cheimiceán atá díobhálach nuair a dhéantar é a ionanálú nó nuair a ionsúitear tríd an gcraiceann é, i.e. tuaslagóirí orgánacha.
- Oibreáin bhitheolaíocha (nochtadh do ghrúpaí riosca 2, 3 agus 4 mar atá catagóirithe sna Rialacháin maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha, 2020).

Ní ceadmhach do bhall foirne atá ag iompar clainne a bheith faoi lé na nguaiseacha sin mura ndéantar na guaiseacha a rialú go leordhóthanach.

**Ciallaíonn rialú leordhóthanach:**

- Laghdaítear an ghuais go dtí leibhéal nach ndéanfaidh dochar don bhean atá ag iompar clainne nó don leanbh atá ag forbairt nó don leanbh a dtugtar beathú cíche dó nó di.
- Má tá aon cheann de na rioscaí sin i gceist, ní mór fáil réidh leo nó cosaintí a chur i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht an bhaill foirne a chosaint.

**Áirítear leis na cosaintí sin:**

- An cineál oibre a athrú, na huaireanta oibre a athrú, srl.
- An ball foirne a aistriú chuig obair shábháilte eile.
- Limistéar scíthe a bheith ar fáil más gá.

Mura féidir na cosaintí sin a chur i bhfeidhm, ní mór saoire shábháilteachta agus shláinte a thabhairt don bhall foirne. Leanfaidh an tsaoire sin ar aghaidh go dtí go dtiocfaidh athrú ar na cúinsí guaiseacha nó go mbeidh an ball foirne atá ag iompar clainne incháilithe do shaoire mháithreachais íoctha.

**5.7 – Beartas maidir le Strus a Bhainistiú**

Cloíonn Gaelscoil Thaobh na Coille le gach gné den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005) lena gcuirtear de chúram ar fhostóirí gach rud a chuireann sláinte agus sábháilteacht i mbaol a aithint agus daoine a chosaint orthu, agus strus san áireamh.

Bíonn strus ar dhaoine san ionad oibre nuair nach mbíonn siad in ann ag éilimh an phoist agus ag an timpeallacht oibre.

Seo roinnt de na cúiseanna a bhíonn le strus san ionad oibre:

- Patrúin oibre nach bhfuil dea-eagraithe
- Droch-chaidreamh oibre
- Droch-chumarsáid ag an obair
- Róil oibre nach bhfuil dea-shainithe
- Cúraimí a chuireann ualach mór ar dhaoine
- An bhagairt go dtarlóidh foréigean, ciapadh nó bulaíocht (nó iad a bheith ag tarlú)

Tá cosaint na sláinte agus sábháilteachta ar éifeachtaí struis bunaithe ar an gcur chuige céanna le haon ghuais eile:

- Fadhbanna féideartha a aithint
- Measúnú a dhéanamh ar rioscaí
- Cosaintí a chur i bhfeidhm
- Faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na gcosaintí.

D'fhéadfadh Gaelscoil Thaobh na Coille leas a bhaint as na modhanna seo a leanas chun strus a bhainistiú:

- Féachaint chuige go bhfuil lucht bainistíochta na scoile ar an eolas faoi na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le strus agus faoi chomharthaí luathrabhaidh
- Féachaint chuige go n-éistear le gach gearán a d'fhéadfadh a bheith bainteach le strus agus go nglacfar bearta cuí (trí úsáid a bhaint as an suirbhé 'Work Positive', mar shampla).
- Cuireadh a thabhairt do na baill foirne dul i gcomhairle le lucht bainistíochta na scoile maidir le strus a bhaineann leis an obair, agus freastal ar chruinnithe athbhreithnithe chun aontú ar bheart feabhais cuí, nuair is gá.

Nuair is eol do lucht bainistíochta na scoile go bhfuil strus mór ag baint le hualach oibre nó cúinsí oibre, ba cheart bearta a ghlacadh chun an t-ualach oibre a laghdú nó na cúinsí a fheabhsú, aon uair is indéanta le réasún.

**5.8 – Beartas maidir le Timpistí/Tarlúintí a Thuairisciú agus a Imscrúdú**

Ní mór aon timpistí nó tarlúintí (neasteagmhais), bídís tromchúiseach nó ná bíodh, a thuairisciú láithreach don lucht bainistíochta. Tá Foirm Tuairisce ar Thimpiste/ar Tharlúint ar fáil chuige sin agus ní mór do Ghaelscoil Thaobh na Coille í a líonadh isteach. **(Féach Aguisín 6 le haghaidh foirm shamplach agus na sonraí is gá a thaifeadadh de ghnáth).**

Déanfar imscrúduithe ar thimpiste/tarlúint agus is é cuspóir an imscrúdaithe ná féachaint cén bhunchúis láithreach a bhí leis an timpiste/tarlúint agus féachaint chuige nach dtarlóidh a leithéid arís. Cuirfear conclúidí an imscrúdaithe ar an taifead. Ceanglaítear ar gach ball foirne comhoibriú lena leithéid d'imscrúduithe agus aon fhaisnéis a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun cúinsí na timpiste/na tarlúna a chinneadh. Déanfar beart ceartaitheach nuair is gá agus déanfar é a thaifeadadh.

Déanfaidh lucht bainistíochta na scoile anailís tréimhsiúil ar shonraí timpistí chun ár bhfeidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán a fheabhsú. Nuair is cuí, déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta (agus measúnuithe riosca san áireamh) i bhfianaise aon timpiste nó neasteagmhais.

Faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Timpistí agus Cora Contúirteacha a Thuairisciú) (2016), ceanglaítear go ndéanfar timpistí agus cora contúirteacha áirithe a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Ina measc siúd tá na catagóirí seo a leanas:

- Timpiste san ionad oibre a bhfuair ball foirne bás mar gheall uirthi.
- Timpiste san ionad oibre a d'fhág go raibh ball foirne as láthair ar feadh níos mó ná 3 lá oibre (gan lá na timpiste san áireamh).
- Timpiste a tharla do dhuine ar bith nach raibh ag obair (duine den phobal, mar shampla) de bharr gníomhaíochta oibre, a bhfuair duine bás mar gheall uirthi nó ar theastaigh cóir leighis ina leith.
- Cora contúirteacha áirithe, a bhféadfadh a bheith ina gcúis le gortú trom, cibé acu ar baineadh gortú trom do dhuine mar gheall orthu nó nár baineadh (féach www.hsa.ie i gcomhair catagóirí cor contúirteach ar gá iad a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta).

Tá lucht bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille freagrach as aon timpistí/cora contúirteacha dá leithéid a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Déanfar an tuairisciú ar na foirmeacha forordaithe IR1 (timpistí) nó IR3 (cora contúirteacha) agus cuirfear fógra isteach ar líne trí shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Sonraí teagmhála an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
An Foirgneamh Cathrach,
Sráid James Joyce,
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: (01) 6147000
www.hsa.ie

**5.9 – Beartas maidir le Gnásanna Éigeandála**

Tá gnásanna éigeandála i bhfeidhm agus déanfar iad a athbhreithniú go tréimhsiúil agus a leasú nuair is gá. Cuirfear cleachtaí aslonnaithe ar siúl uair amháin gach téarma scoile nó níos minice más gá. Meabhraítear do na baill foirne eolas a chur ar na gnásanna ionas gur féidir daoine a aslonnú ar bhealach tapa, éifeachtach má tharlaíonn éigeandáil. **Áireofar taifid ar na gnásanna bainistíochta sábháilteachta dóiteáin go léir ar leithligh sa Chlár Dóiteáin agus Ginearálta (fillteán taifead sábháilteachta dóiteáin a bhfuil dath dearg air).**

Tar éis gach aslonnaithe, déanfar athbhreithniú chun na gnásanna a mheas agus chun aon bheart feabhais a mheastar a bheith riachtanach a dhéanamh. Cuirfear cuairteoirí agus conraitheoirí ar an eolas faoi ghnásanna aslonnaithe mar is cuí. Taispeánfar ainmneacha na maor dóiteáin / na leas-mhaor dóiteáin (nuair a cheapfar iad, más amhlaidh go gceaptar) in áiteanna cuí.

Gheobhaidh baill foirne nua faisnéis ar shábháilteacht ar dhóiteán ón gComhordaitheoir Sábháilteachta nó ón bPríomhoide. D'fhéadfaí a áireamh leis an bhfaisnéis sin na catagóirí seo a leanas:

- Conas a fhógairt go bhfuil éigeandáil ann.
- Céard le déanamh nuair a aimsítear tine.
- Conas glaoch ar an mbriogáid dóiteáin.
- An áit a bhfuil na bealaí éalaithe agus conas iad a úsáid.
- An gnás aslonnaithe.
- Conas cabhrú le haon duine faoi mhíchumas, cuairteoirí agus daoine eile le linn aslonnú
- An áit a bhfuil na múchtóirí dóiteáin agus conas iad a úsáid, de réir mar is cuí.

**Tá na pointí tionóil éigeandála feadh an chlaí teorann sa Chúirt Chispheile. Gheobhaidh tú sonraí ar na comharthaí is gaire duit faoi aslonnú.**

**Liosta uimhreacha teileafóin éigeandála:**

| | |
|---|---|
| Otharcharr | 999 nó 112 |
| An Bhriogáid Dóiteáin | 999 nó 112 |
| Stáisiún na nGardaí, An Chéim | 01 – 666 5700 |
| Ospidéal (Tamhlacht) | 01 – 414 2000 |
| Ospidéal (Cromghlinn) | 01 – 409 6100 |
| Ospidéal (Beacon) | 01 – 293 6600 |
| Ospidéal (Naomh Uinseann) | 01 – 221 4000 |
| Ospidéal (Naomh Séamas) | 01 – 410 3000 |
| Bord Soláthair an Leictreachais | 1850-372 999 |
| Gás (Sceitheadh srl.) | 1850-20 50 50 |

I gcás ina mbeidh contúirt thromchúiseach, láithreach, dhosheachanta i gceist le linn na hoibre, féadfaidh an fhoireann stopadh ag obair agus an t-ionad oibre a fhágáil láithreach agus dul chuig áit shábháilte, de réir Alt 11 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005).

**5.10 – Beartas maidir le Daoine a Bheith ag Obair ina nAonar**

Leis an téarma 'Oibrí Aonair' tagraítear d'aon bhall foirne a bhíonn ag obair ina aonar nó ina haonar, gan mhaoirseacht ná teagmháil le comhoibrithe. Tá sé de dhualgas ar Ghaelscoil Thaobh na Coille a chinntiú go gcuirtear oibrithe aonair ar an eolas faoi na céimeanna riachtanacha go léir ionas nach gcuirfidh siad iad féin i mbaol tríd an obair féin nó tríd an timpeallacht oibre, nuair a chaithfidh siad a bheith ag obair ina n-aonar.

Bíonn daoine ag obair ina n-aonar gan dlúthmhaoirsiú ná maoirsiú díreach i gcásanna éagsúla ar fud na scoile. I bhformhór na gcásanna ina mbíonn ar fhostaithe tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí oibre ina n-aonar, ní bhíonn aon bhaol ar fiú trácht air i gceist. Mar sin féin, mar gheall ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann má tharlaíonn fadhb, éilíonn Gaelscoil Thaobh na Coille go mbeadh fostaithe aonair ar an eolas faoi na réamhchúraimí sábháilteachta seo a leanas:

- Déan teagmháil leis an duine teagmhála ainmnithe i gcás aon tarlúint, aon timpiste nó aon fhadhb shábháilteachta eile a eascraíonn as gnáthghníomhaíochtaí oibre.

- Ní mór d'oibrithe aonair a bheith sách folláin le bheith ag obair ina n-aonar agus ba cheart dóibh an duine teagmhála ainmnithe a chur ar an eolas faoi aon riocht a d'fhéadfadh cur isteach ar a sábháilteacht agus iad ag obair ina n-aonar (diaibéiteas, titimeas, srl. mar shampla).

- Ní mór d'oibrithe aonair a bheith in ann gach feiste comhraicthe dóiteáin a oibriú de réir gnásanna caighdeánacha oiliúna maidir le sábháilteacht ar dhóiteán, agus ba cheart a fhios a bheith acu cá bhfuil an pointe tionóil éigeandála atá ainmnithe don áitreabh.

- Ba cheart d'oibrithe aonair a bheith ar an eolas faoin áit a bhfuil na háiseanna garchabhrach suite ar an láthair, agus ba cheart a fhios a bheith acu cá bhfuil an t-ionad leighis is gaire dóibh agus conas teagmháil a dhéanamh leis, más gá.

- Ní mór dóibh fón póca a bheith acu i gcónaí mar phríomhfhoinse chumarsáide.

- Ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi aon chórais cnaipe práinne, faire CCTV nó aláraim atá suiteáilte ar an láthair. Ina theannta sin, ba cheart liosta uimhreacha teileafóin a bheith ar fáil le haghaidh Ospidéil, Gardaí, Seirbhísí Dóiteáin, Seirbhís Otharcharranna agus Seirbhís Tacsaithe sa cheantar.

- Ní mór d'oibrithe aonair a bheith ar an eolas faoin na gnásanna maidir le robáil agus maidir le foréigean a sheachaint, atá in Aguisín 9 den Ráiteas Sábháilteachta seo.

- Ba cheart d'oibrithe aonair glaoch a chur ar an duine teagmhála ainmnithe ag deireadh na ngníomhaíochtaí oibre aonair chun a fhíorú nach raibh aon fhadhbanna sláinte agus sábháilteachta i gceist, nó ríomhphost nó téacs a chur.

Tá measúnuithe riosca déanta i leith Ghaelscoil Thaobh na Coille agus tá siad san áireamh sa Ráiteas Sábháilteachta seo. Ní mór d'oibrithe aonair iad féin a chur ar an eolas faoi aon ghuaiseacha aitheanta ina limistéar oibre a d'fhéadfadh baol nach beag i leith na

sábháilteachta a bheith i gceist leo, agus cead a lorg roimh ré ón duine teagmhála ainmnithe chun a bheith ag obair ina n-aonar.

**Is iad Emer Nic Chonchradha agus Niamh Ní Dhúill na daoine teagmhála ainmnithe**

**5.11 – Beartas maidir le Rialú COVID**

Tá Gaelscoil Thaobh na Coille tiomanta d'ionad oibre sábháilte, folláin a chur ar fáil dár mbaill foirne agus dár ndaltaí go léir. Chun an méid sin a chinntiú, tá Plean Freagartha ar COVID ullmhaithe againn a bhfuil lucht bainistíochta agus baill foirne na scoile freagrach as. Ach a bheith ag obair as lámha a chéile, cuideofar scaipeadh aon víris a d'fhéadfadh teacht chun cinn arís a laghdú.

Féachfaidh Gaelscoil Thaobh na Coille leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faireachán a dhéanamh ar ár bhfreagra ar COVID agus an beartas seo a leasú i gcomhairle lenár mbaill foirne
- Eolas cothrom le dáta a chur ar fáil dár mbaill foirne agus ár ndaltaí ar an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Gov.ie
- Éascú a dhéanamh ar Ionadaithe Príomhoibrithe COVID (má bhíonn gá leo arís) mar a leagtar amach sa Phlean Freagartha ar COVID
- Na baill foirne agus na daltaí go léir a chur ar an eolas faoin méid nach mór a dhéanamh i ndáil le sláinteachas riachtanach agus béasaíocht riospráide
- An scoil a chur in oiriúint chun freastal ar an scaradh sóisialta má mholtar di é sin a dhéanamh
- A chinntiú go bhfuil oiliúint maidir le COVID curtha ar gach ball foirne agus dalta, nó gur cuireadh faisnéis ar fáil dóibh.
- Gnás a bheith i bhfeidhm atá le leanúint más rud é go mbíonn comharthaí COVID ar dhuine éigin sa scoil.
- Córas sláinteachais a fheidhmiú atá ag teacht leis an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí

Rachfar i gcomhairle le gach ball foirne i nGaelscoil Thaobh na Coille ar bhonn leanúnach agus iarrfar aiseolas ar aon chúis imní, ceisteanna nó moltaí maidir le bearta rialaithe riosca. Is féidir aiseolas a chur chuig na daoine seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **An Comhordaitheoir Sábháilteachta** | **Maoilíosa Ó Dubhthaigh** |

# 6.0 – Measúnuithe Riosca

**6.1 – Modheolaíocht maidir le Measúnú Riosca**

Is é seo a leanas an cur chuige a bhí ag Nascon maidir le próiseas measúnaithe riosca chun próifíl riosca a chinneadh do Ghaelscoil Thaobh na Coille:

- Na mórghuaiseacha atá sa scoil a aithint.
- Féachaint cad iad na rioscaí a bhaineann le gach guais.
- An dealraitheacht go dtarlódh gortú/tinneas de bharr na guaise a thaifeadadh, chomh maith le déine an ghortaithe/tinnis. An rátáil riosca a ríomh bunaithe ar dhealraitheacht agus ar dhéine (is é an rátáil riosca an dealraitheacht go dtarlódh gortú x déine an ghortaithe – féach leathanach 25 i gcomhair sonraí).
- Roghanna rialaithe a mholadh lena chinntiú go laghdaítear rioscaí go dtí an leibhéal is lú is féidir (féach ordlathas na rialuithe thíos).
- Beidh achair ama éagsúla i gceist maidir le bearta rialaithe a chur i bhfeidhm, ag brath ar an rátáil riosca i leith na guaise, i.e., dá airde an riosca, is ea is práinní an beart. Má fhágann bearta rialaithe breise go laghdaítear an dealraitheacht go dtarlódh gortú nó déine an ghortaithe, féadfar rátáil riosca athbhreithnithe a thaifeadadh.

Go ginearálta, ba cheart measúnuithe riosca a athbhreithniú gach bliain agus aon leasuithe riachtanacha a dhéanamh. Ba cheart iad a athbhreithniú freisin má thagann athrú ar chúinsí (trealamh, próisis, gnásanna nua srl.) tar éis timpiste nó tarlúna agus sa chás ina bhfoilseofar reachtaíocht nua, cóid chleachtais nua nó treoir nua.

**Ordlathas na Rialuithe**

Is cuid ríthábhachtach den phróiseas measúnaithe riosca é roghnú agus cur chun feidhme an mhodha is oiriúnaí chun riosca nó guais a rialú. Ba cheart cloí leis an ord seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh ar bhearta rialaithe, ag tosú leis an gcéad cheann ar an liosta (fáil réidh leis an nguais) agus ag dul síos go dtí an ceann deireanach (trealamh cosanta pearsanta agus éadaí).

**1. Fáil réidh leis an nguais:**

Is é fáil réidh leis an nguais ón ionad oibre an bealach is fearr chun í a rialú. Samplaí de sin is ea gléas ardaithe a chur ar fáil, ionas nach gá rudaí a chrochadh de láimh, nó fáil réidh le ceimiceáin nach bhfuil ag teastáil.

**2. Ionadú:**

Más rud é nach féidir fáil réidh leis an nguais, cuir rud éigin nach bhfuil chomh guaiseach ina háit, a dhéanfaidh an tasc céanna ar bhealach sásúil. Samplaí is ea ceimiceán nach bhfuil chomh tocsaineach a chur in ionad ceimiceán guaiseach nó pacáiste nó coimeádán níos lú a chur in ionad an choimeádáin nó an phacáiste atá in úsáid ionas gur lú an baol go ngortófar duine atá á láimhsiú.

**3. Réitigh Innealtóireachta:**

Mura féidir fáil réidh leis an nguais nó leas a bhaint as cur chuige níos sábháilte, laghdaigh an baol go dtarlóidh teagmháil ghuaiseach. Seo a leanas samplaí de rialuithe innealtóireachta:

- Iniamh (sa chaoi is go bhfaightear réidh leis an riosca nó go rialaítear é)
- Daoine a chosaint/a leithscaradh
- Comhghlasáil agus lascaí scoite
- Astarraingteoir aeir a úsáid

**4. Réitigh Riaracháin:**
Is éard atá i gceist anseo na straitéisí bainistíochta is féidir a chur i bhfeidhm, amhail oiliúint, sealaíocht oibre, teorainn a chur le ham nochta nó gnásanna oibre scríofa a chur ar fáil.

Mar shampla:


- Córais shábháilte oibre a laghdaíonn an riosca ionas go bhfuil sé ar leibhéal inghlactha
- Gnásanna scríofa, agus iad siúd atá faoina dtionchar a bheith ar an eolas fúthu agus tuiscint a bheith acu orthu
- Maoirseacht leordhóthanach
- Riachtanais oiliúna a shainaithint agus oiliúint chuí a chur ar fáil
- Eolas/treoir (comharthaí, bileoga eolais)

**5. Trealamh agus Éadaí Cosanta Pearsanta:**
Ba cheart a mheas gurb iad trealamh agus éadaí cosanta pearsanta an rogha dheiridh. É sin ráite, is cur chuige tábhachtach iad i dtaobh rioscaí a rialú. Is féidir iad a úsáid freisin mar bheart eatramhach chun neamhchosaint ar ghuais a laghdú.

<u>**Achoimre**</u>

Is léir gurb é an bealach is éifeachtaí chun riosca a rialú ná fáil réidh leis. Is beart lánéifeachtach é fáil réidh le riosca. Dá fhaide síos an liosta a rachaidh tú, is ea is lú éifeachta a bheidh ag na modhanna a luaitear. Meastar nach bhfuil ag an oiliúint aisti féin, mar shampla, ach éifeacht 10%.

Is fiú a mheabhrú freisin gur in ord contrártha leis an rang-ord atá méid na hiarrachta bainistíochta agus maoirseachta a theastaíonn chun na rialuithe a choinneáil i bhfeidhm. I bhfocail eile, teastaíonn an iarracht is mó chun Leibhéal Rialaithe 5 (Trealamh Cosanta Pearsanta) a choinneáil ar bun agus is i leith Leibhéal Rialaithe 1 (Fáil réidh leis an nguais) a theastaíonn an iarracht is lú.



## Modheolaíocht Scórála maidir le Measúnú Riosca (Córas Rátála Riosca HSG65/BS 8800)

**Dealraitheacht x Déine = Rátáil Riosca**

**Tábla 1 – Maitrís Scórála Riosca**

| Dealraitheacht | Déine | | |
|---|---|---|---|
| | Dochar Beag | Dochar | Dochar Mór |
| **Neamhdhealraitheach** | 1 | 2 | 3 |
| **Dealraitheach** | 2 | 4 | 6 |
| **An-dealraitheach** | 3 | 6 | 9 |

**Tábla 2 – Aicmiú i dtaobh Déine Gortaithe**

| Dochar Beag | Dochar | Dochar Mór |
|---|---|---|
| Gortú dromchla<br>Mionghearrthacha agus ballbhrúnna<br>Greannú súl de bharr deannaigh<br>Núis agus greannú<br>Míchompord sealadach | Stolladh<br>Dó<br>Comhtholgadh<br>Drochleonadh<br>Mionbhriseadh cnáimhe<br>Bodhaire Shealadach<br>Deirmitíteas<br>Asma (plúchadh)<br>Mion-mhíchumas | Teascadh<br>Mórbhriseadh cnáimhe<br>Nimhiú<br>Gortú marfach<br>Ailse cheirde<br>Galar a fhágann go ngiorraítear an saol<br>Galar marfach<br>Gortú don chloigeann<br>Gortú don tsúil |

**Tábla 3 – Tréimhsí Ama maidir le Bearta Rialaithe Riosca**

| Rátáil Riosca | Tosaíocht an Bhirt |
|---|---|
| Ard (9) | Láithreach |
| Meánach – Ard (6) | Chomh luath agus is indéanta |
| Meánach (4) | Chomh luath agus is indéanta le réasún |
| Íseal – Meánach (3) | Le déanamh a luaithe a bheith aghaidh tugtha ar na rátálacha riosca atá níos airde |
| Íseal (1) nó (2) | De rogha an lucht bainistíochta |
| Feasacht Leanúnach ag Teastáil i dtaobh Rioscaí | Feasacht a chothú ar na bearta rialaithe riosca |

- Mar gheall nach ionann aon dá eagraíocht, is ar an lucht bainistíochta a bheidh an cúram a bheartú cé na tréimhsí ama beachta a leagfar síos i leith gach rátála riosca. Mar shampla, beidh sé sin bunaithe ar na daoine agus na hacmhainní airgeadais atá ar fáil, ar shaineolas na heagraíochta féin, agus ar chúinsí athraitheacha (anailís ar thimpistí/tarlúintí, mar shampla).

- An rátáil riosca a shanntar do gach guais, tá sí bunaithe ar phróifíl riosca **gan** aon cheann de na bearta rialaithe riosca atá molta a bheith curtha i bhfeidhm. Sanntar dathchódú don rátáil riosca mar atá i dTábla 3 thuas.

# 6.2 – Guaiseacha Sonracha, Measúnú Riosca agus Bearta Rialaithe Riosca

**Gaelscoil Thaobh na Coille (Meitheamh 2024)**

**Seomraí Ranga Ginearálta**

| Guais Shonrach | Baol Gortaithe nó Damáiste Gaolmhar | Bearta Rialaithe Riosca | Rátáil Riosca |
|---|---|---|---|
| 1– Níl aon ghaireas chun ceapadh méire a chosc ar na doirse i seomraí ranga na naíonán | Gortú de bharr ceapadh méire | Suiteáil gaireas ar gach doras (maolaire) chun gortú de bharr dúnadh tobann dorais a sheachaint. | Meánach – Ard |
| 2– Bíonn urláir *marmoleum* sleamhain (thart ar dhoirtil) nuair a bhíonn siad fliuch nó tais | Sciorradh agus titim | Triomaigh aon rud a dhoirtear/limistéir fhliucha gan mhoill.<br><br>Ná lig daoine ar an urlár sciorrach agus cuir in airde comhartha rabhaidh guaise nuair a bhíonn urlár sleamhain.<br><br>Bí ag faire go rialta ar na hurláir agus úsáid mataí neamhsciorracha nuair is gá. | Meánach |
| 3– Saothair ealaíne a chrochadh in áit ard | Sciorradh agus titim | Seachain saothair ealaíne a chrochadh in áit nach féidir a shroicheadh ó sheastán nó ardán rochtana slán eile.<br><br>Ná triail áit ard a shroicheadh agus tú ag obair i d'aonar. | Meánach – Ard |
| 4 – Tá soicéid leictreacha gan chosaint i seomraí ranga na naíonán | Turraing leictreach | Cuir sciath chosanta atá sábháilte do leanaí ar gach soicéad leictreach. | Meánach |

| | Seomraí Ranga Ginearálta | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste Gaolmhar** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 5 – Tá earraí á stóráil ar bharr na gcófraí | Rudaí ag titim ó áit ard<br>Go mbainfí stangadh as na matáin (agus duine ag triail rud a shroicheadh) | Ná stóráil earraí troma os cionn airde na nguaillí riamh agus féach chuige go stórálfar gach rud go slán sábháilte.<br><br>Cuir áiseanna slána rochtana ar fáil (seastáin, céimeanna fillte, srl.) nó seilfeanna breise ar leibhéil níos ísle.<br><br>Ná stóráil rudaí ar bharr cófraí. | Meánach |
| 6– Drochchaighdeáin tís/easpa néatachta | Sciorradh agus titim<br>Dóiteáin (níos mó rudaí is féidir a dhó san fhoirgneamh) | Faigh réidh le haon rud nach bhfuil ag teastáil.<br><br>Cuir córais stórála imleora ar fáil, nó cinn bhreise (seilfeanna, srl.), agus déan seiceáil rialta ar chórais stórála. | Meánach |
| 7– Páipéir, póstaeir agus criáin a bheith ar an urlár | Sciorradh agus titim | Ba cheart faire ar gach dromchla urláir le haghaidh rudaí ba chúis le sciorradh agus na rudaí sin a bhaint den urlár. | Meánach – Ard |

**Seomraí Ranga Ginearálta**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 8– Málaí scoile a bheith ina luí ar urlár an tseomra ranga (sna bealaí isteach/amach) | Sciorradh agus titim | Leag amach áiteanna stórála ar leith do mhálaí scoile agus déan dóthain maoirseachta ar an ord agus eagar sna seomraí ranga. | Meánach |
| 9– Gníomhairí glantacháin, sprae aerasóil agus tuarthóir a bheith á stóráiltear thart timpeall ar na doirtil i roinnt seomraí | Greannach nó íograch don chraiceann<br>Greannú súl (de bharr úsáid neamhúdaraithe) | Bíodh gach oibreán glantacháin faoi ghlas i gcófra ar leith i ngach seomra.<br><br>Ná fág oibreáin ghlantacháin in áit ar féidir le daltaí óige iad a fháil. | Meánach |
| 10– Bolgáin solais ar shíleáil ard a athrú | Titim anuas ó airde | Bain úsáid as scafall soghluaiste (nó ardaitheoir siosúrtha) chun dreapadh suas chuig áit ard.<br><br>Ní mór gur beirt ar a laghad a thabharfadh faoi obair ar airde (tar éis measúnú riosca 'obair ar airde').<br><br>Bíodh córas 'cead oibre' i bhfeidhm maidir le gach tasc ar airde.<br><br>Bain úsáid as conraitheoirí inniúla (a bhfuil rochtain shlán ar airde acu) chun tascanna den sórt sin a dhéanamh. | Meánach – Ard |

**Conairí & Limistéir Choiteanna**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 1– Coirnéil ghiobacha ar mhataí urláir (agus mataí nach bhfuil ina luí go cothrom ar an urlár) | Sciorradh agus titim | Bí ag faire go rialta ar na mataí urláir lena chinntiú go bhfuil siad ina luí go cothrom ar an urlár.<br><br>Bain aon imill ghiobacha. Más féidir é, faigh mata nua in ionad aon cheann a bhfuil dochar déanta dó.<br><br>Mura féidir sin a dhéanamh, greamaigh síos aon imill ghiobacha ar na mataí urláir le téip dhuchta nó táirge dá leithéid. | Meánach |
| 2– Urláir marmoleum a bhíonn sleamhain nuair a bhíonn siad fliuch nó tais | Sciorradh agus titim | Glan aon rud a dhoirtear ar an bpointe, triomaigh aon limistéar fliuch, ná lig do dhaoine seasamh ar an áit sciorrach agus cuir in airde comhartha rabhaidh guaise nuair a bhíonn urlár sleamhain.<br><br>Bí ag faire go rialta ar na hurláir agus úsáid mataí neamhsciorracha nuair is gá. | Meánach |
| 3– A bheith ag plé le seilfeanna arda i seomraí stórais | Sciorradh agus titim<br>Go mbainfí stangadh as na matáin (agus duine ag triail rud a shroicheadh) | Ná stóráil earraí troma os cionn airde na nguaillí riamh agus féach chuige go stórálfar gach rud go slán sábháilte.<br><br>Cuir áiseanna slána rochtana ar fáil (seastáin, céimeanna fillte, srl.) nó seilfeanna breise ar leibhéil níos ísle. | Meánach |

| | Conairí & Limistéir Choiteanna | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 4– Bolgáin solais ar shíleáil ard a athrú | Titim anuas ó airde | Bain úsáid as scafall soghluaiste (nó ardaitheoir siosúrtha) chun dreapadh suas chuig áit ard.<br><br>Ní mór gur beirt ar a laghad a thabharfadh faoi obair ar airde (tar éis measúnú riosca 'obair ar airde').<br><br>Bíodh córas 'cead oibre' i bhfeidhm maidir le gach tasc ar airde.<br><br>Bain úsáid as conraitheoirí inniúla (a bhfuil rochtain shlán ar airde acu) chun tascanna den sórt sin a dhéanamh. | Meánach – Ard |
| 5– Daoine a scaoileadh saor ón ardaitheoir i gcás éigeandála nó mura bhfuil sé ag feidhmiú mar is ceart | Daoine a bheith sáinnithe san ardaitheoir ar feadh i bhfad | Ba cheart do na gníomhairí seirbhísithe ardaitheora treoir a thabhairt do na baill foirne ainmnithe maidir leis na gnásanna um scaoileadh saor de láimh (nuair is cuí).<br><br>Ba cheart cóip chrua den ghnás maidir le daoine a scaoileadh saor ón ardaitheoir a choinneáil ar an láthair freisin.<br><br>Ba cheart gnás a bheith i bhfeidhm i dtaobh déileáil leis an gcás ina bhfuil daoine sáinnithe in ardaitheoir, agus é a chur in iúl do na daoine ábhartha go léir. | Íseal |

**Conairí & Limistéir Choiteanna**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 6– Gan glas a bheith ar an Seomra Cumarsáide | Rochtain neamhúdaraithe<br>• ar threalamh leictreach<br>• ar dhréimire dín | Bíodh glas ar gach limistéar stórála (sna pasáistí) i gcónaí nuair nach bhfuil siad in úsáid. | Íseal – Meánach |
| 7– Snasaire urláir leictreach a bheith á úsáid | Dul i bhfostú<br>Turraing leictreach<br>Gortú de bharr láimhsithe<br>Sciorradh, tuisle agus titim<br>Steallta ceimiceáin<br>Creathadh | Ná húsáid an snasaire ach amháin nuair a bhíonn an limistéar atá le glanadh folamh.<br><br>Ná bíodh an cábla leictreach ina ghuais tuisle.<br><br>Ná cuir na cosa ná na lámha in aice le páirteanna rothlacha, agus lean treoracha sábháilteachta an déantóra i gcónaí.<br><br>Seiceáil nach bhfuil damáiste déanta do cháblaí leictreacha roimh gach úsáid. | Íseal – Meánach |
| 8– Na soilse éigeandála a bheith ag obair | Nach n-oibreoidís le linn éigeandála | Déan tástáil ar gach solas éigeandála (agus cadhnraí cúltaca) go tréimhsiúil de réir I.S. 3217 – Cód Cleachtais um Shoilsiú Éalaithe Éigeandála.<br><br>Déan taifead ar an tástáil sin sa Chlár Sábháilteachta ó Dhóiteán. | Riosca Leanúnach Feasacht de dhíth |

**Oifigí Aonair & Fáiltiú**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 1– An cnaipe práinne (é a bheith ag obair) san Oifig Fáiltithe | Nach bhféadfaí é a chur ag obair nuair is gá | Seiceáil/tástáil na cnaipí práinne go rialta.<br><br>Ba cheart é a bheith furasta na cnaipí práinne a aimsiú agus ba cheart go mbeadh gach ball foirne sa limistéar seo ar an eolas faoin áit a bhfuil siad. | Íseal – Meánach |
| 2– Daoine ag obair ina n-aonar (in oifigí aonair) | Neamhchosaint ar riochtaí coirp agus riochtaí sláinte amhail<br><br>• Taom croí<br>• Taom<br>• Go dtarlódh timpiste<br>• Ionsaí fisiciúil | Bíodh CCTV ag obair agus rialaigh an rochtain ar an áitreabh.<br><br>Fan i dteagmháil le baill foirne atá ag obair ina n-aonar (le fón póca, mar shampla, nó aláram pearsanta).<br><br>Féach ar an mBeartas maidir le Daoine a Bheith ag Obair ina nAonar i gCuid 5.10 den doiciméad seo le haghaidh tuilleadh rialaithe a bhfuil gá leo. | Riosca Leanúnach Feasacht de dhíth |
| 3– Cothabháil a dhéanann úsáideoir ar an ngléas fótachóipeála agus ar an bprintéir (tonóir a athrú, páipéar sáinnithe a scaoileadh saor, srl.) | Aonocsaíd charbóin *(ón tonóir)*<br>Dul trí thine má éiríonn an gléas ró-the<br>Gearradh/scríobadh nó turraing leictreach *(agus páipéar sáinnithe á scaoileadh saor)*<br>Nochtadh do sholas ultraivialait. | Bíodh an gléas i limistéar dea-aeráilte agus ná leag lámh ar an tonóir.<br><br>Coinnigh an painéal uachtarach dúnta ar ghléasanna fótachóipeála agus iad in úsáid.<br><br>Aonraigh an gaireas ón bpríomhlíonra sula n-osclaítear aon phainéil chun páipéar sáinnithe a scaoileadh saor. | Íseal |

| | Oifigí Aonair & Fáiltiú | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 4– An stiallaire a úsáid | Dul i bhfostú | Cinntigh nach bhfuil éadaí scaoilte, carbhat ar crochadh, ná muinchille scaoilte ort agus an stiallaire á úsáid.<br><br>Bíodh comharthaí rabhaidh cuí ar taispeáint. | Íseal |
| 5– Téitheoir leictreach inaistrithe a bheith á úsáid | Tine<br>Sciorradh agus titim (mar gheall ar chábla) | Níor cheart é a fhágáil gan duine ag coinneáil súil air ar feadh tréimhsí fada agus é ar siúl.<br><br>Coinnigh amach ó ábhair indóite é.<br><br>Coinnigh gach gaothaire saor ó bhacainn agus coinnigh na cáblaí amach ó bhealaí isteach agus amach.<br><br>Cinntigh go bhfuil an ciorcad cumhachta leictrigh á rialú ag gaireas srutha iarmharaigh (lasc thuisle). | Meánach |
| 6– Cáblaí leictreacha atá ag sraoilleadh | Sciorradh agus titim | Daingnigh na cáblaí go léir agus ná bíodh siad in áiteanna ina siúlann daoine ná i mbealaí isteach is amach. Bain úsáid as ceangail chábla nuair is cuí nó clúdaigh na cáblaí le stiallacha urláir. | Meánach |

**Oifigí Aonair & Fáiltiú**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 7– Úsáid a bheith á baint as aonad fístaispeána (ríomhaire) ar feadh achar fada<br><br>(Sin más tréimhse ró-fhada atá i gceist – úsáid leanúnach ar feadh i bhfad gach lá) | Tuirse súl<br>Gortú athstraidhneála<br>Tinneas cinn<br>Pian sa droim nó sa mhuineál | Ní mór go gcloífeadh gach aonad fístaispeána leis na Rialacháin um Fheidhmiú Ginearálta (Cuid 2, Caibidil 5), 2007, agus measúnú riosca i leith stáisiúin oibre aonair san áireamh. Tabhair treoir d'úsáideoirí maidir le staidiúir cheart agus an chaoi ar cheart an stáisiún oibre a shocrú.<br><br>Ba cheart gníomhaíocht leanúnach ar stáisiúin oibre a bhriseadh síos ina shealanna oibre ionas gur féidir seasamh suas, siúl thart, srl. Féach Aguisín 4 le haghaidh treoirlínte breise. | Íseal – Meánach |
| 8– A bheith ag plé le seilfeanna arda | Sciorradh agus titim<br>Go mbainfí stangadh as na matáin (agus duine ag triail rud a shroicheadh) | Ná stóráil earraí troma os cionn airde na nguaillí riamh agus féach chuige go stórálfar gach rud go slán sábháilte.<br><br>Cuir áiseanna slána rochtana ar fáil (seastáin, céimeanna fillte, srl.) nó seilfeanna breise ar leibhéil níos ísle. | Meánach |

| | **Seomra Foirne** | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 1– An tóstaer a úsáid (má thugtar an iomarca ama dó nó má bhíonn an tósta sáinnithe ann) | Tine<br>Go gcuirfí an t-aláram dóiteáin ag obair trí thimpiste | Cinntigh go bhfuil an teirmeastat ag oibriú i gceart ar an tóstaer agus go bhfuil gléasanna braite deataigh suite gar dó.<br><br>Ná socraigh an t-amadóir sa chaoi is go mbeidh an tósta ró-dhéanta agus bí ag faire air agus é ag obair. Ná fág tóstaer gan duine ag coinneáil súil air agus é ag obair.<br><br>Ná bíodh an tóstaer ró-ghar don chófra atá os a chionn agus é ag obair. | Íseal |
| 2– Iarta atá suiteáilte i mbarr an chuntair (leibhéal le barr an chuntair) | Dó | Cuir lipéid 'rabhadh – dromchla te' ar an gclár thart timpeall ar an iarta, agus cinntigh nach bhfágtar aon rud ar bharr an iarta the.<br><br>Cinntigh go bhfuil múchtóirí dóiteáin in aice láimhe. | Íseal – Meánach |

| | Seomra Foirne | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 3– An coire uisce (Burco) a bheith á úsáid | Dó agus scalladh (toisc go mbuailtear faoi trí dhearmad nó go mbíonn an soc blocáilte) | Bain úsáid as comharthaí rabhaidh, bíodh dóthain spáis thart timpeall an trealaimh, agus abair leis na baill foirne a bheith cúramach.<br><br>Cinntigh nach n-éiríonn soic an choire cailcithe agus go ndéantar díchoirtiú rialta air. | Íseal |
| 4– Na micreathonnáin (x 3) a bheith á n-úsáid | Dó agus scalladh<br>Tine (bac a bheith ar an ngaothaire) | Seachain nach ndéanfaí rudaí a théamh an iomarca ann. Cinntigh go bhfuil ungadh nó sprae i gcomhair dónna sa bhosca garchabhrach.<br><br>Bain úsáid as comhartha rabhaidh lena chur in iúl gur gá ligean do bhia fuarú ar feadh tamaill sula n-íosfar é tar éis dó a bheith sa mhicreathonnán.<br><br>Ná bíodh bac ar ghaothairí an mhicreathonnáin. | Íseal |

**Seomra Foirne**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 5– Urláir *marmoleum* a bhíonn sleamhain nuair a bhíonn siad fliuch nó tais | Sciorradh agus titim | Triomaigh aon rud a dhoirtear/limistéir fhliucha gan mhoill.<br><br>Ná lig daoine ar an urlár sciorrach agus cuir in airde comhartha rabhaidh guaise nuair a bhíonn urlár sleamhain.<br><br>Bí ag faire go rialta ar na hurláir agus úsáid mataí neamhsciorracha nuair is gá. | Meánach |

| Guais Shonrach | Halla Tionóil<br>Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise | Bearta Rialaithe Riosca | Rátáil Riosca |
|---|---|---|---|
| 1– Bolgáin solais ar shíleáil ard a athrú | Titim anuas ó airde | Bain úsáid as scafall soghluaiste (nó ardaitheoir siosúrtha) chun dreapadh suas chuig áit ard.<br><br>Ní mór gur beirt ar a laghad a thabharfadh faoi obair ar airde (tar éis measúnú riosca 'obair ar airde’).<br><br>Bíodh córas 'cead oibre' i bhfeidhm maidir le gach tasc ar airde.<br><br>Bain úsáid as conraitheoirí inniúla (a bhfuil rochtain shlán ar airde acu) chun tascanna den sórt sin a dhéanamh. | Meánach – Ard |
| 2– Cothabháil a dhéanann úsáideoir ar an ngléas fótachóipeála agus ar an bprintéir (tonóir a athrú, páipéar atá sáinnithe ann a scaoileadh saor, srl.) | Aonocsaíd charbóin *(ón tonóir)*<br>Dul trí thine má éiríonn an gléas ró-the<br>Gearradh/scríobadh nó turraing leictreach *(agus páipéar sáinnithe á scaoileadh saor)*<br>Nochtadh do sholas ultraivialait. | Bíodh an gléas i limistéar dea-aeráilte agus ná leag lámh ar an tonóir.<br><br>Coinnigh an painéal uachtarach dúnta ar ghléasanna fótachóipeála agus iad in úsáid.<br><br>Aonraigh an gaireas ón bpríomhlíonra sula n-osclaítear aon phainéil chun páipéar sáinnithe a scaoileadh saor. | Íseal |
| 3– Gan aon mharcanna infheicthe a bheith ann chun aird a dhíriú ar imeall seachtrach an stáitse | Titim | Marcáil imeall an stáitse le péint ard-infheictheachta nó stiall ghreamaitheach. | Íseal – Meánach |

**Halla Tionóil**

| Guais Shonrach | Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise | Bearta Rialaithe Riosca | Rátáil Riosca |
|---|---|---|---|
| 4– Láimhsiú earraí troma (prapaí stáitse, troscán scoile, srl.) | Gortú droma<br>Bascadh coise<br>Go mbainfí stangadh as matán<br>Dochar do bhallnasc<br>Sciorradh, tuisle agus titim | Cinntigh go bhfuil oiliúint ar gach ball foirne ábhartha maidir le láimhsiú sábháilte (bíodh oiliúint athnuachana ar fáil go tréimhsiúil). Bíodh meáchain faoi bhun 15 kg más féidir.<br><br>Spreag daoine chun úsáid a bhaint as áiseanna láimhseála (tralaithe, roithlíní) agus bíodh dea-bhail orthu. Cuir comhairle ar dhaoine maidir le conas rudaí a chrochadh le chéile, nuair is cuí.<br><br>Laghdaigh an fad achair is gá rudaí a iompar, go háirithe i gcás ualaí troma, agus stóráil na hearraí sin gar don áit a mbeidh siad ag teastáil (trí leagan amach eirgeanamaíoch). | Meánach |
| 5– Mataí urláir a bheith giobach | Sciorradh agus titim | Bí ag faire go rialta ar na mataí urláir lena chinntiú nach bhfuil aon locht orthu.<br><br>Más gá, gearr díobh aon imill ghiobacha. Más féidir é, faigh mata nua in ionad aon cheann a bhfuil dochar déanta dó.<br><br>Mura féidir sin a dhéanamh, greamaigh síos aon imill ghiobacha ar na mataí urláir le téip dhuchta nó táirge dá leithéid. | Meánach |

**An Chistin**

| Guais Shonrach | Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise | Bearta Rialaithe Riosca | Rátáil Riosca |
|---|---|---|---|
| 1– Na micreathonnáin a bheith á n-úsáid | Dó agus scalladh<br>Tine (bac a bheith ar an ngaothaire) | Seachain nach ndéanfaí rudaí a théamh an iomarca sa mhicreathonnán. Cinntigh go bhfuil ungadh nó sprae i gcomhair dónna sa bhosca garchabhrach.<br><br>Bain úsáid as comhartha rabhaidh lena chur in iúl gur gá ligean do bhia fuarú ar feadh tamaill sula n-íosfar é tar éis dó a bheith sa mhicreathonnán. Ná bíodh bac ar ghaothairí an mhicreathonnáin. | Íseal |
| 2– An coire uisce a bheith á úsáid | Dó agus scalladh (toisc go mbuailtear faoi trí dhearmad nó go mbíonn an soc blocáilte) | Bíodh comharthaí rabhaidh ar taispeáint, bíodh dóthain spáis thart timpeall ar an gcoire, agus abair leis na baill foirne a bheith cúramach.<br><br>Cinntigh nach n-éiríonn soic an choire cailcithe agus go ndéantar díchoirtiú rialta air. | Íseal |
| 3– Clúmh a bheith ag bailiú ar an scagaire sa triomadóir éadaí | Tine | Ní mór gach scagaire clúimh a ghlanadh gach uile uair a úsáidtear an triomadóir.<br><br>Ní mór é sin a chur ar a súile dóibh siúd a úsáideann an triomadóir agus comharthaí rabhaidh a chur ar taispeáint dá réir. | Meánach |

**An Chistin**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 4– Earraí a bheith á stóráil ar bharr na gcófraí | Rudaí ag titim ó áit ard<br>Go mbainfí stangadh as na matáin (agus duine ag triail rud a shroicheadh) | Ná stóráil earraí troma os cionn airde na nguaillí riamh agus féach chuige go stórálfar gach rud go slán sábháilte.<br><br>Cuir áiseanna slána rochtana ar fáil (seastáin, céimeanna fillte, srl.) nó seilfeanna breise ar leibhéil níos ísle.<br><br>Ná stóráil rudaí ar bharr cófraí. | Meánach |
| 5– Na hoighinn a bheith á n-úsáid | Dó<br>Tine<br>Turraing leictreach | Cinntigh go mbítear airdeallach agus na hoighinn á n-úsáid. Cinntigh go bhfuil ungadh nó sprae i gcomhair dónna sa bhosca garchabhrach. Bíodh a fhios agaibh cá bhfuil na lasca aonraithe cumhachta (gás agus leictreach) suite.<br><br>Déan seiceálacha amhairc go rialta ar gach trealamh cócaireachta i gcomhair damáiste nó meatha. Ba cheart do leictreoir inniúil tástáil rialta a dhéanamh ar fhearas iniompartha. | Íseal – Meánach |

**Dualgais Glantóirí agus Airíoch**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 1– Dréimire taca a bheith á úsáid | Titim | Seachain nach n-éireoidh céimeanna an dréimire sleamhain (le himeacht ama).<br><br>Abair leis na húsáideoirí gan síneadh amach ró-fhada ná seasamh ar an gcéim bharr agus iad ar an dréimire. | Meánach |
| 2– Láimhsiú earraí troma (sa stóras agus ar fud na scoile) | Gortú droma<br>Bascadh coise<br>Go mbainfí stangadh as matán<br>Dochar do bhallnasc<br>Sciorradh, tuisle agus titim | Cinntigh go bhfuil oiliúint ar gach ball foirne ábhartha maidir le láimhsiú sábháilte (bíodh oiliúint athnuachana ar fáil go tréimhsiúil). Bíodh meáchain faoi bhun 15 kg más féidir.<br><br>Spreag daoine chun úsáid a bhaint as áiseanna láimhseála (tralaithe, roithlíní) agus bíodh dea-bhail orthu. Cuir comhairle ar dhaoine maidir le conas rudaí a chrochadh le chéile, nuair is cuí.<br><br>Laghdaigh an fad achair is gá rudaí a iompar, go háirithe i gcás ualaí troma, agus stóráil na hearraí sin gar don áit a mbeidh siad ag teastáil (trí leagan amach eirgeanamaíoch). | Meánach |

**Dualgais Glantóirí agus Airíoch**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 3– Oibreáin ghlantacháin a úsáid | Greannach nó íograch don chraiceann<br>Greannú súl (de bharr steallta) | Cloígh go docht le treoracha sábháilteachta an mhonaróra agus caith na héadaí cosanta agus an trealamh cosanta atá riachtanach.<br><br>Féach na Bileoga Sonraí ar Shábháilteacht Ábhar le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le stóráil agus láimhsiú. | Íseal |
| 4– A bheith ag plé le seilfeanna arda i seomraí stórais | Sciorradh agus titim<br>Go mbainfí stangadh as na matáin (agus duine ag triail rud a shroicheadh) | Ná stóráil earraí troma os cionn airde na nguaillí riamh agus féach chuige go stórálfar gach rud go slán sábháilte.<br><br>Cuir áiseanna slána rochtana ar fáil (seastáin, céimeanna fillte, srl.) nó seilfeanna breise ar leibhéil níos ísle. | Meánach |
| 5– Uirlisí cumhachta agus uirlisí láimhe a bheith á n-úsáid | Gortú de bharr teagmhála<br>Gearrthacha agus stolltaí<br>Dul i bhfostú | Ní mór éadaí cosanta pearsanta (go háirithe cosaint súl) a chaitheamh agus teicnící cearta nó treoracha sábháilteachta a chur ar fáil d'úsáideoirí.<br><br>Ba cheart uirlisí cumhachta a oibriú ag 110 volta (trí chlaochladán) mura bhfuil siad ar chiorcad cumhachta atá á rialú ag gaireas srutha iarmharaigh (lasc thuisle). | Meánach – Ard |

**Dualgais Glantóirí agus Airíoch**

| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
|---|---|---|---|
| 6– Snasaire urláir leictreach a bheith á úsáid | Dul i bhfostú<br>Turraing leictreach<br>Gortú de bharr láimhsithe<br>Sciorradh, tuisle agus titim<br>Steallta ceimiceáin<br>Creathadh | Ná húsáid an snasaire ach amháin nuair a bhíonn an limistéar atá le glanadh folamh.<br><br>Ná bíodh an cábla leictreach ina ghuais tuisle.<br><br>Ná cuir na cosa ná na lámha in aice le páirteanna rothlacha, agus lean treoracha sábháilteachta an déantóra i gcónaí.<br><br>Seiceáil nach bhfuil damáiste déanta do cháblaí leictreacha roimh gach úsáid. | Íseal – Meánach |

| | Stór Coire | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 1– Seirbhísiú an choire gáis | Pléasc<br>Tine | Níor cheart a iarraidh ach ar dhaoine inniúla (conraitheoir RGII ceadaithe) seirbhísiú a dhéanamh ar an gcoire.<br><br>Iarr 'measúnú riosca sonrach don chúram' ar an gconraitheoir sula dtosófar ar an obair. | Riosca Leanúnach Feasacht de dhíth (bliantúil) |
| 2– Éifeachtúlacht na mbrathadóirí deataigh/teasa | Nach ndéanfar tine/deatach a bhrath | Cinntigh go ndéanann na conraitheoirí aláraim gach brathadóir a thástáil ar bhonn bliantúil, le sprae aerasóil atá deartha lena aghaidh sin, agus bíodh greamán ar a bhfuil an dáta tástála nó an sceideal tástála ar an aonad (IS:3218 Córais Braite agus Aláraim Dóiteáin d'Fhoirgnimh) | Riosca Leanúnach Feasacht de dhíth |
| 3– Aonocsaíd charbóin | Nimhiú de bharr aonocsaíde carbóin | Déan an t-aláram aonocsaíde carbóin a chothabháil. Déan na cadhnraí agus feidhmiú an aláraim a thástáil go tréimhsiúil (moltar é sin a dhéanamh gach mí). | Meánach |

| | Stór Coire | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 4– Braiteoir sceite gáis (é a bheith ag obair) | Nach n-oibreodh sé dá dtarlódh sceitheadh gáis | Cinntigh go ndéantar braiteoirí sceite gáis a sheiceáil agus a thástáil go rialta (ba cheart iad a sheiceáil nuair a bhíonn seirbhísiú á dhéanamh ar an gcoire) | Meánach |
| 5– Substaintí inadhainte agus ábhar indóite a bheith á stóráil sa limistéar seo | Tine<br>Nochtadh do ghal<br>Sciorradh agus titim | Stóráil gach substaint inadhainte i limistéar stórála slán ar leith nach bhfuil gar d'fhoinsí teasa.<br><br>Bíodh córais imleor rialaithe dóiteáin i bhfeidhm agus bíodh cothabháil á déanamh orthu (cosc, múchtóirí, srl). | Meánach – Ard |

| | **Limistéir Lasmuigh** | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 1– Oighear agus sioc i míonna an gheimhridh | Sciorradh agus titim | Salann a bheith ann le cur ar na cosáin taobh amuigh san aimsir sin. | Meánach |
| 2– Na daltaí a bheith sa chlós spraoi ag am sosa | Sciorradh, tuisle agus titim<br>Gortú de bharr teagmhála nó tuairte<br>Pleidhcíocht<br>Iompar trodach agus bulaíocht | Cinntigh go bhfuil dóthain baill foirne i mbun maoirseachta i gcónaí ag am sosa.<br><br>Ba cheart treoir maidir le hiompar sa chlós spraoi a chur in iúl do na daltaí uile agus a chur i gcuimhne dóibh (agus beart araíonachta a dhéanamh nuair is gá).<br><br>Ní mór rialacha an chlóis spraoi a chur in iúl do gach dalta.<br><br>Déan cothabháil ar an stuáil tuairte ar na cuaillí cispheile go léir agus ar na constaicí tuairte ábhartha. | Feasacht Leanúnach ag Teastáil i dtaobh Rioscaí |
| 3– Greillí iarainn nach bhfuil aird á díriú orthu ar na lintéir os comhair na scoile (idir an tarmac agus an *astroturf*) | Sciorradh agus titim<br>Casadh rúitín | Cuir péint fhluaraiseach nó péint ard-infheictheachta thart timpeall ar gach clúdach gaiste lintéir. | Íseal – Meánach |

| | **Limistéir Lasmuigh** | | |
|---|---|---|---|
| **Guais Shonrach** | **Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 4– Fiailnimh (ar nós *Roundup*) a bheith á úsáid | Greannú na conaire riospráide agus greannú craicinn, dó creimneach<br>Dochar de bharr carcanaiginí agus dochar don suth | Cloígh go docht le treoracha sábháilteachta an mhonaróra agus caith na héadaí cosanta agus an trealamh cosanta atá riachtanach.<br><br>Féach na Bileoga Sonraí ar Shábháilteacht Ábhar (nó na lipéid sábháilteachta) le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le stóráil agus láimhsiú. | Íseal – Meánach |
| 5– Mótarthrealamh garraíodóireachta a bheith á úsáid<br><br>• Lomaire faiche<br>• Struimeálaí<br>• Séidire duilleog<br>• Bearrthóir fáil | Gortú don tsúil<br>Stolladh<br>Go ngortófaí an t-éadan dá mbuailfí faoi | Bain úsáid i gcónaí as sciath a chlúdaíonn an t-éadan ar fad agus as cosantóir cluas.<br><br>Bí ag faire amach ar fhaitíos go mbeadh aon duine gar don limistéar oibre.<br><br>Cas as an trealamh i gcónaí sula leagfar síos é nó sula ndéanfar seiceáil le haghaidh bacainní nó fadhbanna eile a bhaineann leis an ngaireas a chothabháil.<br><br>Féach i gcónaí treoirlínte sábháilteachta an déantóra maidir le húsáid agus cinntigh go ndéantar an trealamh ar fad a sheirbhísiú agus a chothabháil dá réir. | Meánach |

| Guais Shonrach | Limistéir Lasmuigh<br><br>Baol Gortaithe nó Damáiste de bharr na Guaise | Bearta Rialaithe Riosca | Rátáil Riosca |
|---|---|---|---|
| 6– Lomaire marcaíochta a bheith á úsáid | Tine<br>Gearrthacha agus stolltaí<br>Gortú de bharr basctha | Glan aon pheitreal a dhoirtear ar an lomaire (agus é á líonadh le peitreal) sula gcasfar air é.<br><br>Bíodh an bosca féir ar an lomaire, agus múch an lomaire i gcónaí sula gcuirfidh tú na lámha nó na cosa in aice le páirteanna gluaisteacha.<br><br>Seachain claífoirt ghéara agus tú ar lomaire marcaíochta. | Meánach |
| 7– Dréimirí a bheith á n-úsáid (i gcomhair péinteála, chun dul suas ar an díon, chun gáitéir a ghlanadh, srl.) | Rudaí ag titim ó áit ard | Na dréimirí a úsáidtear, ní mór dóibh cloí le Caighdeán Eorpach EN131 nó Caighdeán na Breataine 2037 do dhréimirí de ghrád tionsclaíoch nó grád trádála.<br><br>Ní mór dréimirí a sheiceáil sula n-úsáidtear iad, i gcomhair scriúnna, insí nó rungaí scaoilte. Ba cheart treoir a thabhairt do gach duine a úsáideann dréimire maidir le gnás oibriúcháin caighdeánach i ndáil le húsáid shábháilte a bhaint as dréimire.<br><br>Ba cheart clár dréimirí ceadaithe a choinneáil agus gan ach na dréimirí sin a úsáid.<br><br>Féach ar an mBeartas maidir le Daoine a Bheith ag Obair ina nAonar i gCuid 5.10 den doiciméad seo le haghaidh tuilleadh rialaithe a bhfuil gá leo. | Meánach – Ard |

| | Sábháilteacht Dóiteáin Ghinearálta | | |
|---|---|---|---|
| **Guais** | **Baol Gortaithe nó Damáiste Gaolmhar** | **Bearta Rialaithe Riosca** | **Rátáil Riosca** |
| 1– Minicíocht na gcleachtaí dóiteáin | Easpa eolais maidir le gnéithe praiticiúla den aslonnú | Cleachtaí dóiteáin a chur ar bun gach téarma scoile | Feasacht Leanúnach ag Teastáil i dtaobh Rioscaí |
| 2– Gan a fhios a bheith ag na baill foirne conas múchtóirí dóiteáin a úsáid | An baol nach dtabharfaí faoi thine a mhúchadh ar bhealach éifeachtach | Cinntigh go bhfuil na maoir dhóiteáin ainmnithe oilte maidir leis an trealamh sin a úsáid.<br><br>Déan teagmháil leis an gconraitheoir cothabhála dóiteáin roimh gach seirbhís bhliantúil chun seisiún taispeána a eagrú.<br><br>**D'fhéadfadh an Conraitheoir Cothabhála Dóiteáin (Adelco) an oiliúint sin a chur ar fáil nuair a bhíonn 33% de na múchtóirí go léir á fholmhú acu gach bliain (is ceanglas dlíthiúil faoi chaighdeán dóiteáin IS/EN3 é múchtóirí a fholmhú uair amháin gach 3 bliana)** | Meánach – Ard |
| 3– Éifeachtúlacht na mbrathadóirí deataigh/teasa | Nach ndéanfar tine/deatach a bhrath | Cinntigh go ndéanann na conraitheoirí aláraim gach brathadóir a thástáil ar bhonn bliantúil, le sprae aerasóil atá deartha lena aghaidh sin, agus bíodh greamán ar a bhfuil an dáta tástála nó an sceideal tástála ar an aonad (IS:3218 Córais Braite agus Aláraim Dóiteáin d'Fhoirgnimh) | Feasacht Leanúnach ag Teastáil i dtaobh Rioscaí |

**Riachtanais Ghinearálta maidir le Rochtain agus Dul Amach i gCás Éigeandála**

- Ba cheart ar a laghad dhá bhealach éalaithe ann, sa dá threo, go dtí áit níos sábháilte. Níor cheart go mbeadh ar aon duine dul níos mó ná 25 méadar i limistéir ardriosca ná 60 méadar i limistéir ísealriosca, trí phasáiste, staighre nó forhalla tinedhíonach nach bhfuil deatach ann, chun dul amach faoin spéir.
- Ba cheart go mbeadh gach bealach éalaithe sách leathan le go bhféadfadh gach duine foirgnimh na scoile a fhágáil gan bhac (nó i spriocthréimhse a chinnfear ar bhonn cleachtaí aslonnaithe a dhéanfar arís is arís).
- Ba cheart struchtúr atá tinedhíonach ar feadh leath uair an chloig a bheith timpeall ar gach pasáiste agus staighre éalaithe agus ba cheart doirse dóiteáin a bheith orthu.
- Ba cheart go n-osclódh bealaí éalaithe díreach amach faoin spéir ar leibhéal na talún.
- Ba cheart soilse éigeandála a bheith ar gach bealach éalaithe agus go mbeidís dea-aeráilte.
- Ba cheart doirse nó comhlaí tinedhíonacha a bheith ar aon seafta ardaitheora.
- Ba cheart gach bealach amach éigeandála a bheith marcáilte go soiléir.
- Ba cheart gach bealach amach éigeandála a bheith saor ó bhacainn agus gan glas a bheith ar aon doras éigeandála.

**<u>6.3 – Taifead ar Bhearta Rialaithe Riosca</u>**

Bain úsáid as an taifead seo chun cuntas a choinneáil ar bhearta rialaithe riosca a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn na moltaí measúnaithe riosca i gCuid 6.2.

| An Limistéar agus Uimhir na Guaise | An duine nó na daoine atá freagrach as Bearta Rialaithe Riosca | An Dáta a nDearnadh na Bearta |
|---|---|---|
| | | |

# 7.0 – Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta

## 7.0 – Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta

7.1 Déanfaidh na daoine freagracha (an Comhordaitheoir Sábháilteachta/an Príomhoide) athbhreithniú tréimhsiúil ar Ráiteas Sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille i gcomhairle le haon saineolaithe seachtracha atá de dhíth.

7.2 Déanfar aighneachtaí ó bhaill foirne chuig an ionadaí sábháilteachta a mheas agus má dhéantar iad a fhaomhadh cuirfear san áireamh san athbhreithniú iad.

7.3 D'fhéadfadh sé gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta idir na hathbhreithnithe bliantúla de bharr athruithe ar an reachtaíocht nó ar iarraidh ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus eagróidh na Comhordaitheoirí Sábháilteachta nó na comhairleoirí seachtracha inniúla go ndéanfar na hathbhreithnithe sin.

7.4 Cuimseofar san athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas Sábháilteachta seo uasdátú ar an measúnú riosca de réir Alt 19 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005).

7.5 Déanfaidh na Comhordaitheoirí Sábháilteachta athbhreithniú ar na gnásanna sábháilteachta ábhartha go léir tar éis gach timpiste/tarlúna nó má tharlaíonn aon chor contúirteach.

7.6 TÁ ATHBHREITHNIÚ AGUS UASDÁTÚ LE DÉANAMH AR AN RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA SEO I **LÚNASA 2025**

D'ullmhaigh Nascon an Ráiteas Sábháilteachta seo do Ghaelscoil Thaobh na Coille faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005).

Is doiciméadú é an Ráiteas Sábháilteachta ar an tiomantas atá ag Gaelscoil Thaobh na Coille do bhainistiú na sláinte agus na sábháilteachta sa scoil. Leagtar síos ann beartas sábháilteachta Ghaelscoil Thaobh na Coille (agus sainaithint guaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialaithe riosca san áireamh).

D'fhéadfadh sé nach bhfágfadh na moltaí rialaithe riosca go seachnófaí gach timpiste/tarlúint agus féachtar leo le laghdú a dhéanamh ar an dealraitheacht go mbeadh baol timpiste nó tarlúna ann. Ní féidir le Gaelscoil Thaobh na Coille freagracht a ghlacadh as timpistí/tarlúintí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr cúinsí nach féidir a thuar.

**Formáid – Nascon (2024)**

**8.0 – Dearbhú ó Bhall Foirne**

Tá an Ráiteas Sábháilteachta léite agam agus tuigim na hoibleagáidí agus na dualgais a leagtar orm leis **(Féach Cuid 2.2 – Freagrachtaí atá ar na Baill Foirne).** Tuigim gur ceanglais dhlíthiúla iad na hoibleagáidí agus na dualgais sin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005).

| Ainm | Dáta | Ainm | Dáta |
| --- | --- | --- | --- |
| | | | |